

75
BLIAIN AG FREASTAL AR AN BPOBAL
YEARS OF PUBLIC SERVICE



# 75 BLIAIN AG FORBAIRT

## *Scéal Bhanc Ceannais na hÉireann*




75
BLIAIN AG FREASTAL AR AN BPOBAL
YEARS OF PUBLIC SERVICE

# 75 Bliain ag Forbairt: Scéal Bhanc Ceannais na hÉireann

Ó uair a bhunaithe sa bhliain 1943 agus i rith na 1950idí agus na 1960idí bhí feidhmeanna agus cumhachtaí ag an mBanc Ceannais, a bhí srianta ar dtús, arbh é an ceann ba thábhachtaí díobh *"sláine an airgeadra a chosaint".*

Stiúir an Banc Ceannais, a bhí lonnaithe i bPlás Foster i gceartlár Bhaile Átha Cliath, airgeadra na hÉireann trí na blianta corraithe tar éis an chogaidh. Tháinig téarnamh ar an ngeilleagar agus de réir mar a chuaigh sé i dtreis, mhéadaigh an tábhacht a bhain leis an institiúid agus tugadh róil agus freagrachtaí nua dó.

Mar theach parlaiminte a thóg Edward Pearce Plás Foster sna 1700idí, agus chuir na hailtirí James Gandon, Robert Parke agus Francis Johnston leis ag tráthanna difriúla. Bhí Coimisiún an Airgid Reatha, a bhí ann roimh an mBanc Ceannais, lonnaithe ann ar dtús agus ghlac an Banc Ceannais úinéireacht air tráth a bhunaithe. Díoladh an foirgneamh ina dhiaidh sin leis na húinéirí reatha, Banc na hÉireann.







*"Dar le daoine áirithe gur féidir le bainc cheannais, má bhíonn an scóip cheart lena gcumhachtaí agus má bhaintear úsáid astu, neamh agus talamh nua a chruthú nach mór. Ní heol dom ar baineadh triail as sin in aon áit."*

*Seán T Ó Ceallaigh*
*Tánaiste & Aire Airgeadais, 1942.*

# 1943

## “Cruthú Neimhe agus Talaimh”



**Bunaíodh an Banc Ceannais in oifigí Choimisiún an Airgid Reatha i bPlás Foster nuair a tháinig deireadh leis an gcoimisiún sin.**

Ba é an Dr Joseph Brennan, a bhí ina chathaoirleach ar Choimisiún an Airgid Reatha, a ceapadh ina chéad Ghobharnóir. Ní raibh na feidhmeanna a mbeifí ag súil leo ag an mBanc Ceannais ar dtús; cuir i gcás, bhí banc tráchtála, Banc na hÉireann, ina bhaincéir ag an Rialtas i gcónaí.



## Gobharnóir Ceaptha

Ceapadh an Dr Joseph Brennan ina Ghobharnóir go ceann téarma reachtúil 7 mbliana ag Uachtarán na hÉireann, Dubhghlas de hÍde, ar chomhairle an Rialtais.

I nDroichead na Bandan i gContae Chorcaí a rugadh Joseph Brennan i mí na Samhna 1887. I mí Bealtaine 1921, i rith Chogadh na Saoirse, cuireadh Michael Collins in aithne dó agus ceapadh ina chomhairleoir airgeadais ar fhoireann idirbheartaíochta an Chonartha Angla-Éireannaigh é.

# 1946

## Srian a choinneáil tar éis an chogaidh!

Ina Thuarascáil Bhliantúil 1945/46, tharraing an Banc Ceannais aird ar an ngá a bhí le srian a choinneáil ar phraghsanna, ar phánna agus ar chaiteachas.

# 1949

## Cúnamh Marshall á lóisteáil leis an mBanc Ceannais

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, bhí Éire san áireamh i bPlean Marshall ar mhaithe le hatógáil gheilleagair na hEorpa a mhaoiniú. Sa bhliain 1949, d'oscail an tAire Airgeadais, Patrick McGilligan, cuntais oifigiúla chuige sin le Banc Ceannais na hÉireann.

Bhí córas ráta malairte seasta ann idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. D'eisigh an Banc Ceannais airgeadra logánta, an Punt Éireannach, ar ráta malairte seasta i gcoinne steirling.

Cé go raibh Éire neodrach i rith an Dara Cogadh Domhanda, bhí an Punt Éireannach nasctha le steirling i gcónaí agus dhéantaí nótaí a phriontáil agus boinn airgid a bhualadh sa Ríocht Aontaithe.




"Mar iasachtaí, seachas mar dheontais, a tugadh formhór an chúnaimh. . . Leag pleananna Washington béim ar fhorbairt na talmhaíochta."


Bernadette Whelan, *"Adopting the American Way: Ireland and the Marshall Plan"*, *History Ireland*

# 1953

## Aighneas idir an Gobharnóir agus an Rialtas

I mí an Mhárta sa bhliain 1953, d'éirigh an Gobharnóir Brennan as a phost de bharr aighnis idir é féin agus an Rialtas i ndáil le beartas airgeadais agus geilleagrach.

An mhí dá éis sin, ceapadh an Dr James J McElligott, iarArd-Rúnaí na Roinne Airgeadais ina áit.



*Ba bhall d'Óglaigh na hÉireann é James J McElligott agus throid sé in Ard-Oifig an Phoist (GPO) i rith Éirí Amach na Cásca 1916. Bhí sé ina chime ina dhiaidh sin i bPríosún Stafford i Sasana, agus deirtear go raibh sé i gcillín in aice le Michael Collins.*

*Ba é a dúirt TK Whitaker a bhí ina Ghobharnóir ar Bhanc Ceannais na hÉireann tráth ní ba dhéanaí ina leith:*

"bhí sé chomh cliste le nathair agus chomh lách le colmán".

# 1957

## Bretton Woods

Faoin Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods, 1957, tháinig an Banc Ceannais chun bheith ina thaisclann le haghaidh airgeadra na hÉireann agus sócmhainní eile de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Bhainc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha.



*I 1957, bhí Banc Ceannais na hÉireann bunaithe i bPlás Foster, ar Shráid an Dáma, i mBaile Átha Cliath.*



*Dr Maurice Moynihan*

# 1964

## Gobharnóir Nua

Ceapadh an Dr Maurice Moynihan, iar-rúnaí don Rialtas, ina Ghobharnóir. Le linn a théarma, ghlac an Banc Ceannais freagracht as rialuithe malairte a riaradh. Ina theannta sin, chuir sé tús le taighde eacnamaíoch agus le ceapadh beartais eacnamaíoch sa Bhanc Ceannais.

# 1965

## Róil Nua, ina measc rialú malairte

Sa bhliain 1965, thug an tAire Airgeadais, James Ryan, dualgais i ndáil le rialú malairte don Bhanc Ceannais mar aon le bainisteoireacht ar an margadh fiachais cheannasaigh ina dhiaidh sin. Ba thús é sin le róil a aistriú diaidh ar ndiaidh chuig an mBanc Ceannais agus é ag druidim i dtreo bheith ina bhaincéir don Rialtas.




## An Séala Mór

I mí na Nollag 1965, glacadh dearadh leis an dealbhóir clúiteach Crótach, Ivan Meštrović, mar Shéala Mór an Bhainc Ceannais. I dtosach báire, ba iontráil ar chomórtas boinn Shaorstát Éireann i 1927 é an dearadh seo. Léiríonn sé cláirseoir maorga mná agus cláirseach Chluana á seinnt aici. Dúirt W.B. Yeats gur léirigh saothar Meštrović *'a violent rhythmical energy unknown to past ages'.*

# 1966

## Cuimhneamh ar an Éirí Amach

I mí Aibreáin 1966, d'eisigh an Banc Ceannais bonn airgid deich scillinge chun comóradh a dhéanamh ar chothrom 50 bliain Éirí Amach na Cásca 1916.



# 1967


## Bogadh go Ceanncheathrú Nua

Sa bhliain 1967, d'fhógair an Banc Ceannais go raibh rún aige foirgneamh nua oifigí, ina mbeadh taisceadáin, a thógáil ar Shráid an Dáma i mBaile Átha Cliath, a thógfaí *"go speisialta chun freastal ar riachtanais reatha agus ionchais an bhainc".*

Ba é an t-ailtire Sam Stephenson an dearthóir agus cuireadh an chéad iarratas pleanála as measc go leor iarratas, faoi bhráid Bhardas Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1967. Bheadh breis agus 11 bhliain ann sula mbeadh an Banc Ceannais ina áras nua.



*Sam Stephenson agus T.K. Whitaker ag nochtadh na plaice ar a léirítear an tUasal Henry Guinness, 1972.*




*Líníocht de leagan amach an bhunurláir, 1978.*




*Ingearchló beartaithe d'aghaidh Oifigí Bhanc Ceannais na hÉireann ar Shráid an Dáma ina léirítear 13 urlár, agus lena n-áirítear aghaidh na bhFoirgneamh Tráchtála, 1968.*




existing roofline




← *Togra Uimh. 5 ina léirítear struchtúr iomlán Oifigí Bhanc Ceannais na hÉireann ar Shráid an Dáma, lena n-áirítear an líne dín reatha, 1972.*



*Ingearchló beartaithe d'aghaidh na nOifigí ar Shráid an Dáma ina léirítear 7 n-urlár, agus lena n-áirítear aghaidh na bhFoirgneamh Tráchtála, 1970.*

# 1969

## Whitaker i gceannas

*"Tuairiscíodh gur ceapadh an Dr TK Whitaker de bhun barántais a shínigh an tUachtarán dar dháta an 16 Nollaig 1968, ina Ghobharnóir amhail an 1 Márta 1969"*

*Miontuairiscí Bhanc Ceannais na hÉireann, 5 Márta 1969.*



**I mbliain dheireanach na 1960idí, ceapadh T.K. Whitaker ina Ghobharnóir ar an mBanc Ceannais.**

Ba Ard-Rúnaí sa Roinn Airgeadais é Whitaker tráth, agus ba eisean, i gcomhar leis an Rialtas ag an am, a chuir beartas le chéile sna 1950idí a chuir deireadh leis an leithliseachas agus a d'oscail geilleagar na hÉireann don infheistíocht idirnáisiúnta. Sa bhliain 2002, vótáladh Whitaker mar 'Éireannach an 20ú hAois' ag lucht féachana RTÉ, agus sa bhliain 2003 bronnadh gradam 'An tÉireannach Beo is Tábhachtaí' de chuid ESB/Rehab air.

**Nuair a fuair sé bás sa bhliain 2017, agus é 100 bliain d'aois, cuireadh síos air mar**

*"an státseirbhíseach ba mhó tionchar riamh i stair an Stáit"*

*Irish Times, Eanáir 2017.*

# 1970s

**Ba thréimhse mhór athrúcháin don Bhanc Ceannais agus d'fhoireann an Bhainc Ceannais é na 1970idí.**

Bhog an Banc Ceannais chuig ceanncheathrú nua ar Shráid an Dáma agus méadaíodh a chuid ról agus freagrachtaí. Tráth a raibh córas airgeadais na hÉireann ag athrú go tapa, tugadh isteach an deachúlú agus bunaíodh naisc leis an Eoraip, rud a chruthaigh aontas airgeadaíochta i ndeireadh na dála sna 1990idí.





*Nó gur osclaíodh an Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh, dhéantaí nótaí agus boinn na hÉireann a phriontáil agus a bhualadh sa Ríocht Aontaithe.*

# 1970

## Bualadh agus Priontáil

Cheannaigh an Banc Ceannais suíomh in Áth an Ghainimh i gContae Bhaile Átha Cliath ar mhaithe le hionad airgeadra a thógáil ina ndéanfaí nótaí a phriontáil agus boinn a bhualadh. Agus é i mbun an cheanncheathrú nua ar Shráid an Dáma a dhearadh, ceapadh an t-ailtire Sam Stephenson chun an foirgneamh nua, a mbeadh córas dianslándála ann, a dhearadh. Cuireadh tús le nótaí a phriontáil sa bhliain 1974 agus le boinn a bhualadh sa bhliain 1976. Nó gur osclaíodh an Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh, dhéantaí nótaí agus boinn na hÉireann a phriontáil agus a bhualadh sa Ríocht Aontaithe.



# 1971 Sóinseáil ar do shóinseáil!




An 15 Feabhra 1971, Lá an Deachúlaithe, chuir Éire tús le córas um airgeadra deachúil mar a rinneadh sa Ríocht Aontaithe roimhe sin. As sin amach, b'ionann punt agus 100 pingin.

Bhí an deachúlú á mhaoirsiú ag an mBord um Airgeadra Deachúil na hÉireann a chuir eolas ar fáil don phobal, i measc dualgas eile, lena n-áirítear an paimfléad *Everyone's Guide to Decimal Currency.*

Go dtí gur cuireadh tús leis an gcóras deachúil, b'ionann an Punt Éireannach agus 240 pingin agus ba é "d" comhartha na pingine.

## Cumhachtaí Nua

Sa bhliain 1971, tháinig Acht nua an Bhainc Ceannais in éifeacht lenar méadaíodh cumhachtaí an Bhainc. Neartaíodh cumhachtaí an Bhainc Ceannais i ndáil le beartas airgeadaíochta, tugadh freagracht bhreise dó as cuntas an Státchiste agus as bainc a cheadúnú agus a mhaoirsiú.

**"Ba é an tuairim a bhí i mbéal an phobail gur chruthaigh an deachúlú ardú sa ráta boilscithe agus mheas go leor daoine go dtarlódh an rud céanna arís glúin ina dhiaidh sin nuair a cuireah tús le córas an euro"**

*John Kelly, Leas-Cheannasaí (ag an am), Rannán Staidrimh, Banc Ceannais na hÉireann, as "The Irish Pound: From Origins to EMU" 2003.*

**"Tuairiscíodh gur tharla an t-athrú go córas deachúil gan deacracht ar fud na tíre agus go raibh fáilte roimh an gcóras nua den chuid ba mhó. Iarradh ar an nGobharnóir comhghairdeas a dhéanamh, thar ceann an Bhainc Ceannais, leis an mBord um Airgeadra Deachúil na hÉireann as a fheabhas a rinneadh an beart a phleanáil agus a chur i gcrích"**

*Miontuairiscí Bhanc Ceannais na hÉireann, 4 Feabhra 1971*

# 1973 Réim na hÉireann ag fairsingiú

Ghlac Éire ballraíocht i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) ag tús na bliana 1973 agus rinneadh ball de Choiste Gobharnóirí Bhainc Cheannais CEE agus de Bhord Gobharnóirí an Chiste Eorpaigh um Chomhar Airgeadaíochta de Ghobharnóir an Bhainc Ceannais ag an am sin, TK Whitaker.



Shínigh an Taoiseach, Jack Lynch, agus an tAire Gnóthaí Eachtracha, an Dr. Patrick Hillary, an conradh aontachais leis an CEE sa Bhruiséil an 22 Eanáir 1972. Vótáil 83% de mhuintir na hÉireann i bhfabhar ballraíocht a ghlacadh sa CEE de bhun reifrinn agus tháinig Éire chun bheith ina lánbhall an 1 Eanáir 1973.

## Deireadh leis an mBac Oibre ar Mhná Pósta

Tugadh an Bac Oibre ar mhná pósta isteach sa bhliain 1932, rud a chuir bac le mná sa Státseirbhís, agus i mBanc Ceannais na hÉireann, leanúint orthu ag obair lasmuigh den teach cónaithe ach a bpósfaidís. Cuireadh deireadh leis an mbac sin i mí Iúil 1973. In ainneoin na n-athruithe a rinneadh ar an reachtaíocht, ghlac sé tamall sular tháinig méadú ar líon na mban a bhí ag obair sa Bhanc Ceannais. Bheadh 40 bliain ann sula gceapfaí mná chuig róil shinsearacha ceannaireachta sa Bhanc Ceannais.






# 1978

## Idir Mholadh agus Cháineadh

Ach a ndearnadh seacht n-iarratas pleanála agus dhá achomharc, tugadh ceanncheathrú nua an Bhainc Ceannais ar Shráid an Dáma chun críche. Ba é an t-ailtire Sam Stephenson a dhear an foirgneamh i stíl ar a dtugtar “brutalist” agus rinneadh idir mholadh agus cháineadh air tráth a oscailte, ach le himeacht ama ba chuid thábhachtach de dhreach cathrach Bhaile Átha Cliath é.

Bhí cuma neamhghnách ar an bhfoirgneamh ag an am: seachas tógáil in airde de réir a chéile, crochadh leaca coincréite an urláir ar dhá chroíleacán coincréite ach ar ardaíodh gach leac urláir ina hiomláine isteach ina háit le linn na tógála.



**Bank seeks deal on height**

DIRECTORS of the Central Bank yesterday made a final bid to retain some of the "outlawed" thirty feet of its controversial unfinished Dame Street Headquarters.

After an extended board meeting, they called on Dublin Corporation to say openly how high above the permitted height it will allow the building to extend. The Corporation has rejected total retention of the 30 extra feet, added on "unintentionally."

Recently it rejected a fresh application asking that 15 feet of the illegal extension be retained. In both cases the Corporation has stated that the building would be "too high."

COST INVOLVED

To reduce the building by 11 feet would cost £804,000. To reduce it by 30 feet would cost £1,440,000. Already the skeletal structure has cost £2,730,000 and allowing it to stand unfinished is costing thousands of pounds weekly.

The bank, therefore, must make some move either to cut off the offending extension or else abandon it, forcing the Corporation to demolish it at the ratepayers' expense.

Yesterday's statement was an effort to cut short a long, costly procedure of submitting successive applications, each one seeking retention of less and less of the building until the Corporation finally consents to the retention of part of the illegal extension.

*Irish Independent, 1974.*

*“Ghlac sé trí bliana Túr Eiffel a thógáil; ghlac sé 11 bhliain an ceapaire eibhir ocht sraith seo a thógáil”*

*- Irish Business, Feabhra 1979.*

# 1979

## Bristear an Nasc

Sa bhliain 1979, cuireadh tús leis an gCóras Eorpach Airgeadaíochta, agus rinneadh ball iomlán de Mheicníocht an Ráta Malairte (ERM) d'Éirinn, rud a chuir deireadh le breis agus 150 bliain de chomhionannas idir an punt Éireannach agus an punt steirling.




*Go dtí gur cuireadh deireadh leis an gcomhionannas idir an punt Éireannach agus an punt steirling i mí Aibreáin 1979, lean nótaí bainc na Breataine de bheith i gcúrsaíocht gan srianadh i bPoblacht na hÉireann.*

# 1988

## Deireadh na Mílaoise

Agus Baile Átha Cliath ag tabhairt faoi mhílaois úr, tharraing an Banc Ceannais aird ina thuarascáil bhliantúil ar "charnadh ollmhór" an fhiachais náisiúnta sna deich mbliana roimhe sin, rud a léirigh an méid a bhí le sárú le beartas fioscach.




*Chun cothrom míle bliain Bhaile Átha Cliath a chomóradh, d'eisigh an Banc Ceannais bonn speisialta 50 pingin.*

# 1989

## An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFSC) ar an bhfód

Achtaíodh Acht nua an Bhainc Ceannais sa bhliain 1989, rud a mhéadaigh cumhachtaí an Bhainc Ceannais i ndáil le gnó baincéireachta a cheadúnú agus a mhaoirsiú. Thug an tAcht freagrachtaí maoirseachta don Bhanc Ceannais chomh maith i ndáil le hinstitiúidí áirithe sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFSC) i mBaile Átha Cliath, ionad a bheadh ina mhol don airgeadas idirnáisiúnta.



# 1989

## Crann an Óir

Choimisiúnaigh Banc Ceannais na hÉireann Crann an Óir leis an dealbhóir Eamonn O'Doherty, chun ceiliúradh a dhéanamh ar ainmniúchán Cathair Chultúir na hEorpa a bheith ag Baile Átha Cliath. Dearadh an saothar, ar comhartha an Bhainc Ceannais anois é, mar chomhartha den fhás faoi dhea-bhainistíocht.





# 1992-1993

## Géarchéim Córais Airgeadaíochta

Sa bhliain 1993, agus comóradh 50 bliain á dhéanamh ag an mBanc Ceannais ar uair a bhunaithe, rinneadh díluacháil 10% ar an bPunt Éireannach de bharr na héiginnteachta polaitíochta san Eoraip ach ar tharraing an punt steirling agus Lira na hIodáile amach as Meicníocht an Ráta Malairte.

# TÍOGAR AG TEACHT


Ach ar cuireadh dianbhearta i bhfeidhm ag deireadh na 1980idí agus tús na 1990idí, a d'athshlánaigh cúrsaí airgeadais phoiblí go mór, tháinig athrú mór ar an ngeilleagar, de bhun fáis ar onnmhairí, sa dara leath de na 1990idí.

B'ionann na caighdeáin mhaireachtála ar fud na hEorpa gan rómhoill. Ba é 4.5% an meánráta dífhostaíochta sa bhliain 2000, tar éis figiúr dhá dhigit a bheith ann i rith na 1980idí. D'athraigh an t-airgeadas poiblí ó shíor-easnaimh a bheith ann go síorbharrachais agus laghdaíodh ualach an fhiachais phoiblí go mór.

# 1997

## Córais Íocaíochta a Rialú

Tháinig Acht an Bhainc Ceannais 1997 i bhfeidhm agus tugadh de chumhacht don Bhanc Ceannais córais íocaíochta a rialú. Thug an tAcht an chumhacht don Bhanc Ceannais gach córas íocaíochta sa Stát a údarú agus na rialacha a ghabhann leo a cheadú.




*Níorbh aon smaoineamh nua é airgeadra aonair. Moladh a leithéid faoi Phlean Schuman i 1950 agus mhol Tuarascáil Werner arís i 1970 é.*



*Ón 1 Eanáir 1999 i leith, tá an Banc Ceannais Eorpach (BCE) freagrach as beartas airgeadaíochta a chur le chéile don limistéar euro – an geilleagar is mó ar domhan seachas na Stáit Aontaithe. Tá Gobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann ar Chomhairle Rialaithe BCE.*

## 1998 I dtreo Airgeadra Nua

I mblianta deiridh an 20ú hAois, chomhlíon aon bhallstát déag de chuid an Aontais Eorpaigh, Éire ina measc, na ceanglais a leagadh síos i ndáil le hairgeadra aonair a bhunú, agus cuireadh tús leis an aistear i dtreo an euro.

*I mí na Bealtaine 1998, bunaíodh Bord na hÉireann um an Athrú go dtí an Euro (ECBI).*

## 1999

### 1 Eanáir 1999

Agus an 20ú hAois ag teacht chun críche, bhí mílaois úr agus ré nua airgeadais ar na bocáin nuair a tháinig an euro isteach ina airgeadra "fíorúil". Nascadh an Punt Éireannach go deo leis an euro agus cuireadh deireadh leis mar airgeadra neamhspleách. Bheadh sé sna pócaí againn faoi cheann trí bliana ina dhiaidh sin.

# 2000s



Buaicphointe na tréimhse seo ba ea tabhairt isteach an euro, ach bhuail géarchéim airgeadais an domhan sa bhliain 2008. Cuireadh brú ar na bainc in Éirinn, go háirithe toisc gur thit margadh tithe agus talún na tíre ó chéile.

Bhí ar Rialtas na hÉireann reachtaíocht éigeandála a thabhairt isteach chun tomhaltóirí a chosaint agus chun an córas airgeadais a shocrú agus tacaíocht airgid a lorg ón Eoraip agus ón CAI. Rinneadh fiosruithe poiblí – ina measc fiosrú ar ról an Bhainc Ceannais sa tréimhse roimh an ngéarchéim – de bharr na géarchéime agus rinneadh athrú agus athchóiriú nach beag dá thoradh.



"Ba mhór an éacht é an lá stairiúil seo a bhaint amach. Ach a mbeidh feidhm leis an euro i mí Eanáir 2002, agus boinn agus nótaí airgid i bpócaí na ndaoine, tuigfear an buntáiste a bhaineann le hairgeadra aonair agus an chobhsaíocht a ghabhfaidh leis sin."

*Maurice O'Connell, An Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann*

# 2000 Cruinniú stóir

Cé nach raibh an euro sna pócaí againn go dtí an 1 Eanáir 2002, tosaíodh ar na boinn agus na nótaí a tháirgeadh i mí Mheán Fómhair 1999. Tríd is tríd, táirgeadh breis agus 1 bhilliún bonn euro Éireannach, ar bhain luach €230 milliún agus meáchan 5,000 tonna leo. I mí an Mheithimh 2000, cuireadh tús le nótaí bainc euro a phriontáil sa Lárionad Airgeadra - priontáladh 300 milliún nóta ar bhain luach um €4 bhilliún leo.

# 2001

## Prapáil

Thosaigh an Banc Ceannais ag seachadadh bonn airgid ar bhrainsí bainc agus ar mhórshiopaí i mí Mheán Fómhair 2001. Tosaíodh ar nótaí bainc euro a sheachadadh i mí na Samhna.

Ba mhór an beart é an t-athrú go euro. Bhíothas roinnt mhaith blianta á phleanáil agus roinnt seachtainí á chur i ngníomh.




*Cuireadh "Pacáistí Tosaigh" ina raibh 19 mbonn airgid arbh fhiú €6.35 iad ar fáil don phobal ar chostas £5 in oifigí an phoist agus in institiúidí creidmheasa ón 14 Nollaig 2001 amach.*




*Fuair gach teaghlach in Éirinn lámhleabhar euro agus tiontaire leictreonach*





Ba é an Banc Ceannais ar Shráid an Dáma an t-aon bhanc a bhí ar oscailt an 1 Eanáir 2002 agus seirbhísí malairte airgid thirim á gcur ar fáil aige.

Malartaíonn an Banc Ceannais an punt Éireannach ar euro sa lá atá inniu ann, go fiú. Ag deireadh 2016, bhí luach €227 milliún de nótaí bainc an phuint Éireannaigh fós gan tabhairt isteach. Bí ag cuardach leat ar chúl an toilg!

# 2002

## Nótaí agus boinn euro seolta

An 1 Eanáir 2002, tháinig nótaí agus boinn euro ar an bhfód. Rinneadh an punt Éireannach a mhalartú ar 0.787564 cent [ráta a socraíodh i 1998]. An 9 Feabhra, tháinig deireadh le tréimhse chúrsaíochta an dá airgeadra le chéile, tráth a raibh stádas airgid dlíthairgthe ag an bpunt Éireannach agus ag an euro ag an am céanna. Faoi dheireadh na tréimhse sin, bhí 119.5 milliún nóta bainc Éireannach agus 686 milliún bonn airgid Éireannach tarraingthe siar.

# 2002

## Borradh geilleagrach nárbh fhéidir a chothú

Tháinig deireadh le ré an Tíogair Cheiltigh a bhí ag brath go mór ar onnmhairí le breacadh na mílaoise nuair a phléasc an bhoilgeog dot com. Tháinig moilliú suntasach ar an bhfás ar onnmhairí na hÉireann dá bharr.

Bhí tréimhse fáis láidir ann idir 2002 agus 2007 toisc fáil a bheith ar chreidmheas, rud nárbh fhéidir a chothú. Cheil rátaí fáis eacnamaíoch, a sháraigh noirm an AE go rialta, an meath a bhí ag teacht ar fheidhmíocht an gheilleagair.

Tháinig méadú 300 faoin gcéad ar phraghsanna tithe [agus dhúbláil sciar an aschuir foirgníochta de GDP sna deich mbliana go 2006] de bharr boilgeoige i margadh na tithíochta toisc fáil go saoráideach a bheith ar chreidmheas. Mhéadaigh an fiachas pearsanta go leibhéil nárbh fhéidir a chothú.

Bhí cuma iontach ar an airgeadas poiblí de bharr ioncaim ón mborradh foirgníochta ach bhí bunlaigí á gceilt aici. Ba mhó leibhéal caiteachais an Rialtais ná an méadú a bhí ag teacht ar an ioncam náisiúnta agus rinneadh an bonn cánachais a chúngú go mór.

# 2003

## Freagrachtaí Nua

Achtaíodh Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann in 2003, rud a bhunaigh dhá aonán ar leithligh: an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSRA). Ghlac an eagraíocht deiridh sin freagracht as rialáil a dhéanamh ar gach institiúid airgeadais a bhí ag feidhmiú in Éirinn, ina measc comhair chreidmheasa, iasachtóirí airgid agus árachóirí.



*B'ionann an tIonad Eolais do Thomhaltóirí agus ionad buail isteach don phobal chun go bhféadfaidís ceisteanna a chur maidir le hairgead pearsanta.*

# 2007

## Margadh Nua do Thomhaltóirí

Tháinig an Cód um Chosaint Tomhaltóirí i bhfeidhm in 2007. Leagtar amach ann tacar rialacha agus prionsabal nach mór do na gnólachtaí rialáilte airgeadais go léir a chomhlíonadh agus comhairle airgeadais á tabhairt acu nó táirgí agus seirbhísí á gcur ar fáil acu do thomhaltóirí.



*Ach a gcloisfidh tú "arna rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann..." ag deireadh fógráin ar an raidió, nó a léifidh tú é sa chló beag i bhfógrán nuachtáin, táthar ag cur in iúl duit go gcaithfidh an chuideachta cloí leis na rialacha um iompar airgeadais atá leagtha amach i gCód an Bhainc Ceannais um Chosaint Tomhaltóirí.*



# 2008

## Géarchéim Dhomhanda

I mí Mheán Fómhair 2008, chlis an gnólacht baincéireachta domhanda Lehman Brothers, rud a chruthaigh géarchéim airgeadais ar fud an domhain. Agus iad ag freagairt ar bhealach comhordaithe do shuaitheadh mór an mhargaidh, chuir bainc cheannais ar fud an domhain na billiúin dollar de leachtacht ar fáil do mhargaí airgeadais. Bhí brú nach beag ar na bainc in Éirinn agus nuair a chlis ar bhoilgeog na dtithe cónaithe sa tír seo, chonacthas a laige a bhí a leibhéil chaipitil agus a leabhair iasachta.

## Gearchéim Intíre

Ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, glacadh céimeanna chun taisceoirí beaga a chosaint ionas nach mbeadh ruathar ar na bainc agus daoine ag iarraidh a gcuid airgid a bhaint amach. I mí Meán Fómhair 2008, méadaíodh Scéim Ráthaíochta Taiscí na hÉireann (SRT) ó €20,000 go €100,000 agus glacadh comhair chreidmheasa faoina coimirce den chéad uair riamh. Tá an scéim sin fós i bhfeidhm sa lá atá inniu ann.

Tráth ní ba dhéanaí sa mhí sin, agus Rialtas na hÉireann ag iarraidh cobhsaíocht chóras airgeadais na hÉireann a chosaint, tugadh isteach reachtaíocht éigeandála chun ráthaíocht gan teorainn a thabhairt do gach taisce agus d'fhormhór na ndliteanas nach lú ná €100,000 i sé institiúid a bhí faoi úinéireacht Éireannach. Rinne an Stát na bainc a athchaipitliú, agus rinneadh Anglo Irish Bank a náisiúnú i ndeireadh na dála in 2009. Leasaíodh an scéim i mí na Nollag 2009. An Scéim um Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe a tugadh uirthi agus tháinig deireadh léi i mí an Mhárta 2013. Bhain an dá ráthaíocht le suimeanna a sháraigh an SRT mhéadaithe, a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse.

# 2009

## Athchóiriú agus Machnamh

I ndiaidh na géarchéime, cuireadh tús le tréimhse athchóiriúcháin agus leasúcháin nach beag in 2009.

Sa bhliain 2009, bhunaigh an Rialtas an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA). Ba é an ról a tugadh di iasachtaí forbartha réadmhaoine a fháil ó bhainc na hÉireann ar mhaithe leis an teacht a bheadh ag geilleagar na hÉireann ar chreidmheas a mhéadú agus an fáltas ab fhearr ab fhéidir a fháil don Stát.



*Ceapadh Patrick Honohan ina Ghobharnóir ar Bhanc Ceannais na hÉireann in 2009. Measadh gur ceapachán tábhachtach é sin toisc gurbh é Honohan an chéad Ghobharnóir nach raibh cúlra Státseirbhíse aige.*

# 2010 Bealtaine

## An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais

I mí Eanáir 2010, achtaíodh an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais. Rinneadh an Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais a chumasc chun aon eagraíocht amháin a chruthú faoi mhaoirseacht Choimisiún an Bhainc Ceannais.

## Tuarascáil Honohan

I mí Bealtaine 2010, cuireadh tuarascáil Patrick Honohan: “The Irish Banking Crisis. Regulatory and Financial Stability Policy 2003-2008”, faoi bhráid an Aire Airgeadais. Tuarascáil Honohan a thugtar uirthi go coitianta. Luaigh sé beartas Rialtais agus bainc na hÉireann a bheith ag brath ar iasachtaí saora seachtracha mar chúinsí a chuir dlús faoin mboilgeog. Luaigh sé chomh maith gur lig na bainc síos na tomhaltóirí. Níor cheil sé a cháineadh ar an mBanc Ceannais ach oiread.



"Is é atá i gceist agus a bhfuiltear ag súil leis, óna dtaobhsan de agus ó mo thaobhsa de, go mbeidh rath ar an idirbheartaíocht nó ar an bplé agus go gcuirfear iasacht ar fáil agus go mbainfear úsáid aisti de réir mar is gá"

*Patrick Honohan,*
*"Morning Ireland", RTÉ Radio 1, 18 Samhain 2010.*

# 2010 Samhain

## Clár Cúnaimh Airgeadais

Ba chatalaíoch é an ghéarchéim airgeadais dhomhanda sa bhliain 2008 do chliseadh tubaisteach an gheilleagair intíre. Tháinig laghdú breis agus 300,000 duine nó 15 faoin gcéad ar fhostaíocht. Tháinig méadú mór ar dhífhostaíocht ó 4.5% in 2007 go 15.9 % faoi dheireadh 2011. Tháinig cliseadh um 90% ar an aschur tithíochta agus thit praghsanna tithe breis agus 50%. Léirigh an laghdú mór a tháinig ar ioncam ón bhfoirgníocht an t-easnamh mór a bhí ar an airgeadas poiblí.

In ainneoin gur cuireadh chun gnímh go luath agus go cinntitheach, ba léir faoin dara leath de 2010 go mbeadh cúnamh de dhíth ón AE agus ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun bonn seasmhach a chur faoin ngeilleagar arís.

Aontaíodh clár tarrthála trí bliana AE-BCE-CAI, ar a dtugtar Clár Troika freisin, chun tacaíocht airgid a chur ar fáil do gheilleagar na hÉireann.

# 2014

## Ré Nua na Maoirseachta Baincéireachta

I mí na Samhna 2014, rinneadh athrú nach beag ar mhaoirseacht na baincéireachta nuair a tugadh isteach an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA). Ghlac an Banc Ceannais Eorpach freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar bhainc sa limistéar euro, ina measc bainc shuntasacha in Éirinn.

Tugadh an SMA isteach chun an mhaoirseacht ar bhaincéireacht a threisiú agus chun sláine an mhargaidh aonair a chaomhnú mar fhreagairt ar an ngéarchéim. I mí an Mheithimh 2012, chinn an Chomhairle Eorpach gur chóir do thíortha an limistéir euro sásra maoirseachta aonair do na bainc a chruthú. Measadh maoirseacht chomhtháite den chineál sin a bheith de dhíth chun a chinntiú go mbeadh lánmhuinín ag gach tír de chuid an euro i gcaighdeán agus i neamhchlaontacht na maoirseachta ar an mbaincéireacht.  Aontaíodh sonraí maoirseachta an BCE i ndáil le bainc sa limistéar euro i mí an Mhárta 2013, tráth a raibh Éire ina hUachtarán ar an AE.



*Danièle Nouy, Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta den Bhanc Ceannais Eorpach.*

# 2015

## Bearta Nua Morgáiste agus Gobharnóir Nua

D'fhonn stóinseacht na n-iasachtaithe agus na mbanc araon a chinntiú, thug an Banc Ceannais [faoi ghobharnóireacht Patrick Honohan] bearta nua morgáiste isteach i mí Feabhra 2015 chun iasachtú agus iasachtaíocht iomarcach a sheachaint agus, ar an gcaoi sin, chun cobhsaíocht airgeadais a choimirciú.



*I mí na Samhna 2015, ceapadh an tOllamh Philip R. Lane ina Ghobharnóir, an 11ú ceann, ar Bhanc Ceannais na hÉireann.*

# 2017

## Áras Nua agus Ré Nua

Sa bhliain 2017, bhog Banc Ceannais na hÉireann isteach ina cheanncheathrú nua ar Ché an Phoirt Thuaidh i mBaile Átha Cliath. Tógadh creat an fhoirgnimh do Anglo Irish Bank tráth dá raibh sular chlis sé agus samhlaítear an eagraíocht sin anois leis an ngéarchéim airgeadais in 2008, rud atá sách íorónta.

Ach ar bogadh chuig an bhfoirgneamh nua, tráth a raibh an geilleagar ag feabhsú le roinnt blianta, ba ré nua é don Bhanc Ceannais agus don tír araon.





*Is cuid de Champas nua na nDuganna é an foirgneamh nua, a dhear na hailtirí iomráite Henry J. Lyons, mar aon leis an bhfoirgneamh reatha ar Dhuga Spencer. Tá an Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh ag eisiúint airgeadra euro i gcónaí.*

**Is gné thábhachtach de dhearadh an fhoirgnimh é an triantán. Is siombail den chobhsaíocht é agus tá sé le feiceáil ar fud an árais nua seo againne.**

“

Rinneadh trácht nach beag ar an gceanncheathrú seo a bheith ar shuíomh a bhí ag Anglo-Irish Bank tráth. Ar lámh amháin, timthriall na staire atá ann. Fuarthas Plás Foster ar bhuanléas ó Bhanc na hÉireann. Bhíodh Cumann Lucht Tráchtála, an Stocmhalartán, oifigí ceannaithe agus bróicéirí sna Foirgnimh Thráchtála ar Shráid an Dáma, tráth. [...]

Is tráthúil an chontrárthacht seo mar chuimhneachán ar an dochar mór geilleagrach agus sóisialta a rinne an ghéarchéim airgeadais – meabhrúchán don Bhanc agus don fhoireann i ndáil lenár misean agus a bheith san airdeall i gcónaí, agus meabhrúchán don phobal chomh maith céanna.”

*An Gobharnóir Philip R. Lane, Oscailt Champas na nDuganna, 24 Aibreán 2017.*



## Cur chuige nua i leith na rialála airgeadais

I mí Mheán Fómhair 2017, rinne an Banc Ceannais athstruchtúrú ar a chur cuige i leith na rialála airgeadais nuair a roinneadh an réimse ina rialáil stuamachta agus ina iompar airgeadais. Is fearr is féidir linn ár misean a chur i gcrích chun *“cobhsaíocht a choimirciú agus tomhaltóirí a chosaint”* de bhun an struchtúir nua seo.



# Cá bhfuil ár dtriall?

Tá 75 bliain éachtaíoch caite agus muid thuas seal thíos seal. Cibé deis agus dúshlán a thiocfaidh chun cinn, leanfaimid orainn anseo sa Bhanc Ceannais ag déanamh ár ndícheall chun ár misean a chur i gcrích, is é sin cobhsaíocht a choimirciú agus tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Is mór an t-athrú agus an forás atá tagtha ar Bhanc Ceannais na hÉireann ó uair a bhunaithe i 1943; tá cumhachtaí nua aige mar fhreagairt ar dhúshláin agus leanann sé air ag dul in oiriúint don dreach rialála agus eacnamaíoch, agus é mar aidhm aige i gcónaí feidhmiú ar mhaithe leis an bpobal.